


21 Fiachas Cánach agus Fiachais Dhíscríofa

- 21.1** Éilítear ar na Coimisinéirí Ioncaim le reachtaíocht cáin a bhailiú, dul sa tóir ar fhiachais chánach agus a chinntiú go ndéantar an córas cánach a riar ar bhealach cóir cothrom.
- 21.2** Laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim, is í Oifig an Ard-Bhailitheora atá freagrach as an gcuid is mó de na cánacha gnó agus pearsanta a bhailiú go tráthúil. Íoslaghdaítear an leibhéal fiachais don Státhiste nuair a dhéantar fiachais atá amuigh a bhailiú go tráthúil.
- 21.3** Leagtar amach sa tuarascáil seo na prionsabail ghinearálta atá mar bhonn agus mar thaca ag cur chuige na gCoimisinéirí Ioncaim i leith fiachais chánach a bhailiú, lena n-áirítear an cur chuige a ghlacann siad i leith fiachais a mheastar nach féidir a bhailiú. Déantar athbhreithniú freisin ar na próisis atá ag na Coimisinéirí Ioncaim le fiachais neamh-inbhailithe a 'dhíscríobh', ar na cúiseanna le fiachais a dhíscríobh agus ar an méid fiachais a dhíscríobhtar i ngach catagóir chánach.¹

Fiachais chánach amuigh agus fiachais dhíscríofa

- 21.4** Ba é €2,293 milliún oll-luach an fhiachais chánach a bhí amuigh ar an 31 Márta 2017, méadú beagán níos mó ná 9% i gcomparáid leis an luach €2,102 milliún a bhí ann i mí an Mhárta 2016. Tá leagtha amach i bhFíor 21.1 oll-luach an fhiachais a bhí amuigh ag deireadh mhí an Mhárta gach bliain, don tréimhse 2010 go 2017, i gcomparáid leis an leibhéal fiachais a dhíscríobhadh i ngach ceann de na blianta sin.²

Fíor 21.1 An t-ollfhiachas amuigh i mí an Mhárta, 2010 go 2017, agus fiachais chánach dhíscríofa, 2010 go 2016



1 Is éard atá i gceist le fiachais dhíscríofa ná fiachais a bhaintear ó thaifid cuntas infhála na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá treoirínte i bhfeidhm do na bhail foirne a dhéanann plé le díscríobh fiachas.

2 Is iondúil go ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim an ghlancháin atá amuigh a thuairisciú, .i. an t-ollfhiachas lúide na haisíocaíochtaí CBL atá dlite i leith na bliana reatha. Amhail an 31 Márta 2017, ba é €1.9 billiún an glanfhiachas a thuairiscigh na Coimisinéirí Ioncaim.

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nóta: Ní bheidh fáil ar na figiúirí maidir leis na fiachais a dhíscríobhadh in 2017 go dtí 2018.

21.5 Cé gur laghdaigh an leibhéal fiachais a bhíodh amuigh ar an 31 Márta idir 2010 agus 2015 beagnach 16%, mhéadaigh an figiúr go suntasach le dhá bhliain anuas. Fágann sé sin go bhfuil an leibhéal foriomlán mar an gcéanna leis na figiúirí in 2010 a bheag nó a mhór. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl go bhfuil luach na gcásanna atá a n-athbhreithniú méadaithe agus gurb é sin ba chúis leis an méadú. D'fhan leibhéal na bhfiachas díscríofa seasmhach den chuid ba mhó, .i. idir 8% agus 14% den ollfhiachas amuigh. Tá méadú €14 billiún (44%) tagtha ar ghlanfháltas na gCoimisinéirí Ioncaim ó cháin le himeacht na tréimhse céanna. Dhíscríobh na Coimisinéirí Ioncaim €1.8 billiún d'fhiachas cánach idir 2010 agus 2016, nó díscríobh €254 milliún d'fhiachas cánach ar an meán sa bhliain.

21.6 Léirítear i bhFíor 21.2 an t-ollfhiachas amuigh de réir cineál cánach agus déantar achoimre ar na muirir a ardaíodh, na híocaíochtaí a rinneadh agus na luachanna a díscríobhadh le himeacht na tréimhse 12 mhí dar críoch mhí an Mhárta 2017.¹ Ba iad an cháin ioncaim (€705 milliún gan ÍMAT a áireamh) agus an CBL (€455 milliún) an dá chatagóir chánach a raibh an méid ba mhó cánach amuigh ina leith amhail ar an dáta sin. B'ionann an méid sin agus breis is 50% d'iomlán na cánach amuigh. Bhí fiachas cánach ioncaim taobh thiar de 22% de na muirir a ardaíodh sa bhliain, agus bhí fiachas CBL taobh thiar de 4% díobh.

Fíor 21.2 Athrú ar chánacha agus ÁSPC amuigh, 2016/17

Cáin nó tobhach ^a	Iarmhéid amhail an 31 Márta 2016 €m	Muirir ardaithe ^b €m	Cáin íoctha ^c €m	Cáin dhíscríofa €m	Iarmhéid amhail an 31 Márta 2017 €m	Iarmhéid mar % de na muirir a ardaíodh
ÍMAT	226	12,939	(12,889)	(10)	266	2%
Cáin Bhreisluacha	475	10,732	(10,696)	(56)	455	4%
ÁSPC	173	9,082	(9,062)	(13)	180	2%
MSU	38	3,243	(3,235)	(3)	43	1%
Cáin Ioncaim	713	3,195	(3,162)	(41)	705	22%
Cáin Chorporáide	174	5,462	(5,332)	(1)	303	6%
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	183	671	(662)	(8)	184	27%
Cáin Fáltas Caipitiúil	61	436	(396)	—	102	23%
Cáin Conarthaí Iomchuí	20	262	(262)	(3)	18	7%
Tobhach Comhshaoil	37	9	(9)	—	37	411%
Iomlán	2,102	46,030	(45,705)	(134)	2,293	5%


Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. D'fhéadfadh sé nach réiteofaí na figiúirí de bharr slánúcháin.

- Nótaí:
- a Meastar go bhfuil an cháin amuigh ón dáta a luaitear an dliteanas ar thaifead an cháiníocóra — de bharr go bhfuarthas tuairisceán nó gur ardaíodh meastachán go hiondúil.
 - b Tá meastacháin san áireamh sna muirir ardaithe i gcásanna inar theip ar an gcáiníocóir tuairisceán a chomhdú.
 - c Tá san áireamh i gcáin íoctha cásanna inar laghdaigh an cásoibrí na meastacháin ina dhiaidh sin.
 - d Níl an cháin choinneála ar ús taise (DIRT) san áireamh de bharr gur íocadh sa bhliain gach muirear a ardaíodh.

¹ Níl san áireamh san fhiachas amuigh ná sna muirir na cánacha siúd nach bhfuil faoi réir bailiú iarchurtha, lena n-áirítear Dleacht Chustaim, Mháil agus Stampála, agus an chuid sin de CBL a bhaineann le Dleacht Chustaim agus Mháil. Is é Brainse na Cánach Maoine Áitiúla a dhéanann plé leis an gCáin Mhaoine Áitiúil trí chlár comhlíonta ar leith atá taobh amuigh de na gnáthaonaid bainistithe fiachas.

- 21.7** Tá léirithe i bhFíor 21.3 an t-athrú céatadán a tháinig ar leibhéal an fiachais amuigh le linn 2016. Bhain an méadú ba mhó leis an gcáin chorparáide, a mhéadaigh €129 milliún nó breis is 74% sa bhliain. Laghdaigh an fiachas amuigh a bhain leis an dá chatagóir is mó d'fhiachas cánach, .i. an cháin ioncaim agus an CBL, le himeacht na tréimhse ón 31 Márta 2016 go dtí an 31 Márta 2017. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gur baineadh an laghdú sin amach mar thoradh ar theagmháil ní ba phraise agus géarú ar chásanna ar íseal-luach.

Fíor 21.3 Athrú ar chánacha amuigh, Márta 2016 go dtí Márta 2017



Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: Ní léir go raibh aon athrú ar an Tobhach Comhshaoil le himeacht na tréimhse.

Bainistiú fiachas

- 21.8** Déantar bailiú fiachas ag na Coimisinéirí Ioncaim a bhainistiú i Rannán an Ard-Bhailitheora, áit a bhfuil 26 'gnáthaonad' bainistithe fiachas agus 5 aonad speisialta. Bainistíonn na haonaid sin fiachais amuigh a bhaineann leis na príomhchánacha gnó. Ina theanna sin, déanann Aonad na gCánacha Seirbhísí agus Idirbheart agus Aonad na Cánach Siarchoinneálaí ar Dhibhinní bainistiú ar fhiachais a bhaineann le roinnt cánacha eile.¹ Is é Brainse na Cánach Maoine Áitiúla a dhéanann plé leis an gCáin Mhaoine Áitiúil trí chlár comhlíonta ar leith atá taobh amuigh de na gnáthaonaid bainistithe fiachas.

¹ Déanann Aonad na gCánacha Seirbhísí agus Idirbheart agus Aonad na Cánach Siarchoinneálaí ar Dhibhinní bainistiú ar fhiachais a bhaineann leis an gCáin Siarchoinneálach ar Dhibhinní, leis an gCáin Siarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla, leis an gCáin Scoir ar Árachas Saoil, leis an gCáin ar Ghnóthais Infheistíochta, leis an gCáin Choinneála ar Ús Taisce, leis an Tobhach Comhshaoil agus leis an gCáin Aerthaistil. Tá idir ról seirbhíse do chustaiméirí agus ról comhlíonta ag na haonaid sin.

- 21.9** Is é príomhchuspóir na n-aonad bainistithe fiachas ná a chinntiú go gcuirtear tuairisceáin agus íocaíochtaí cánach isteach in am trátha. Is í Oifig an Ard-Bhailitheora a dhéanann sainaitheint ar na cásanna a ndéanfar idirghabháil bainistithe fiachas ina leith go príomha ach leas a bhaint as córais inmheánacha éagsúla anailíseacha agus chomhlíonta. Ina theannta sin, cuireann Ceantair de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim cásanna ar aghaidh chuig na haonaid bainistithe fiachas sa chás go ndearna sainaitheint ar fhiachas breise trí idirghabhálacha iniúchta nó comhlíonta agus sa chás nach bhfuarthas íocaíocht phras ón gcáiníocóir. Gearrtar ús ar íocaíochtaí thar téarma. Déantar cúiteamh leis an Státchiste as an íocaíocht dhéanach ar an gcaoi sin agus cinntítear go dtugtar cothrom na Féinne d'fhormhór mór na gcáiníocóirí a íocann a gcánacha in am trátha.


- 21.10** Déanann an t-aonad bainistithe fiachas is iomchuí beart le dul i ngleic le haon easpa teagmhála. I measc na mbeart a d'fhéadfaí a dhéanamh tá táillí úis a ghearradh agus tús a chur le gníomh forfheidhmiúcháin leis an bhfiachas amuigh a ghnóthú.¹ Is iondúil nach gcuirfí tús le gníomh forfheidhmiúcháin ach amháin tar éis gníomhartha gnóthaithe eile a thriail agus teip orthu. Cuireann na Coimisinéirí loncaim in iúl go ndéantar gach uile chás a mheas ar a chuid buanna féin d'fhonn an straitéis is éifeachtaí bailithe, gnóthaithe nó forfheidhmithe a roghnú leis an gcás a thabhairt chun críche chomh sciobtha agus is féidir.
- 21.11** Má chuireann daoine aonair cuideachta nua ar bun tar éis dóibh nasc a bheith acu le cuideachta eile a chuaigh faoi leachtú nó a scoir de thrádáil, féadfaidh na Coimisinéirí loncaim monatóireacht a dhéanamh ar a leithéid de chásanna lena chinntiú nach athchuideachtaí iad. Is iondúil i gcásanna den sórt sin go gceannaíonn an t-eintiteas nua sócmhainní an eintitis roimhe ach nach gceannaíonn na dlíteanais, rud a fhágann gur minic a fhágtar creidiúnaithe, na Coimisinéirí loncaim ina measc, le fiachais shuntasacha gan íoc. I roinnt mhaith cásanna leanann an t-eintiteas nua air ag trádáil ón áitreabh céanna agus an fhoireann bhainistíochta agus na fostaithe céanna ina bhun. Deir na Coimisinéirí loncaim nach nglacann beag ná mór le hathchuideachtaí agus déanann idirghabháil a luaith a thiteann an t-eintiteas nua ar gcúl lena dhualgaís íocaíochta/chomhdúcháin.

Stádas an fhiachais cánach amuigh

- 21.12** Déanann na Coimisinéirí loncaim na fiachais amuigh a chatagóiriú de réir a stádais reatha faoi na catagóirí seo a leanas:
- Fiachas atá á achomharc agus nach bhfuil réidh le bailiú — sa chás go bhfuil achomharc déanta ag cáiníocóir in aghaidh luach an mheasúnaithe cánach agus nach féidir leis na Coimisinéirí loncaim an fiachas a bhailiú.
 - Fiachas nach bhfuil réidh le bailiú — féachann na Coimisinéirí loncaim ar fhiachas cáiníocóirí atá faoi leachtú, faoi scrúdaitheoireacht, nó faoi chineálacha áirithe glacadóireachta mar fhiachas nach bhfuil réidh le bailiú go héifeachtach.
 - Fiachas atá réidh le bailiú — a dhéantar a chatagóiriú tuilleadh mar seo a leanas: suimeanna atá faoi réir gníomhartha bailithe a leanann ar aghaidh, suimeanna a mbaineann comhaontuithe íocaíochta leis an gcáiníocóir leo nó suimeanna atá á bhforfheidhmiú ag Sirriam nó Dlíodóirí na gCoimisinéirí loncaim.
- 21.13** Tá curtha i láthair i bhFíor 21.4 anailís ar fhiachas cánach trí thagairt do scéim chatagóirithe na gCoimisinéirí loncaim. Is iad 'cánacha atá á n-achomharc' an chatagóir fiachais cánach is mó agus bhí siad taobh thiar de €1,105 milliún nó beagán ní ba mhó ná 48% d'iomlán an fhiachais cánach a bhí amuigh amhail an 31 Márta 2017. Bhí €328 milliún den fhiachas cánach rangaithe mar 'fhiachas atá á fhorfheidhmiú' amhail an dáta céanna.

¹ I measc na roghanna forfheidhmithe a bhíonn ag na Coimisinéirí loncaim tá an Sirriam nó Dlíodóir a chur ar an gcás, orduithe astaithe agus roghanna éagsúla dócmhainneachta, amhail féimheacht nó leachtú.

Fíor 21.4 Catagóiriú fiachas cánach amhail an 31 Márta 2017




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Fiachas atá réidh le bailiú – ‘Eile’

21.14 De réir na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), dá shine an fiachas cánach is ea is mó riosca nach n-íocfar an fiachas sin.¹

21.15 Amhail ag deireadh mhí an Mhárta 2017, bhí €661 milliún den fhiachas cánach sa chatagóir ‘réidh le bailiú’ ach ní raibh faoi réir comhaontuithe iocaíochta ná imeachtaí forfheidhmithe. Bhí €242 milliún den fhigiúr sin ní ba lú ná dhá mhí d’aois. Tá anailís tugtha i bhFíor 21.5 ar na fiachais atá idir 2 agus 12 mhí d’aois, agus ar na fiachais atá níos mó ná bliain d’aois.

Fíor 21.5 Fiachas atá réidh le bailiú — idir 2 agus 12 mhí d’aois agus níos mó ná aon bhliain d’aois



Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

- Nótaí:
- a De réir na gCoimisinéirí Ioncaim, tá san áireamh faoi ‘fiachas nach bhfuil á fhiosrú’ fiachais bheaga ar lú a luach ná €5,000, fiachais a raibh moill ar a mbailiú mar thoradh ar thuairisceáin leasaithe, iniúchtaí, srl. agus fiachais a raibh idirghabháil ní ba mhoille de lámh ag teastáil ina leith.
 - b Cuirtear ‘stoppana’ i bhfeidhm nuair atá cúis mhaith ann bailiú an fhiachais a chur siar, m.sh. tá an cás á iniúchadh nó tá tuairisceáin leasaithe curtha isteach.
 - c Cuirtear fiachas sa chatagóir ‘iar-fhorfheidhmiú’ sa chás gur theip ar na gníomhartha forfheidhmithe tosaigh agus go bhfuil na Coimisinéirí Ioncaim ag meas na bearta malartacha eile a dhéanfar.

- 21.16** I mí na Samhna 2015, mhéadaigh na Coimisinéirí Ioncaim faoi dhó a n-acmhainn lánaimseartha bailithe fiachas maidir le cásanna ar íseal-luach, a mbainistíonn aonaid bainistithe fiachas in Oifig an Ard-Bhailitheora iad. Tháinig méadú 3% ar líon na gcásanna ar íseal-luach ar baineadh amach comhlíonadh tráthúil ina leith in 2016 mar thoradh air sin. Tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis a spriocanna bailithe fiachas míosúla agus bliantúla a leasú leis na hacmhainní méadaithe a chur san áireamh.
- 21.17** I mí Eanáir 2017, chuir Oifig an Ard-Bhailitheora tús le clár forbartha 3 bliana leis an gCroíchóras Idirghabhála Gníomhaí a athsholáthar.¹ Tá an chaoi a ndéantar fiachais a bhainistiú athstruchtúraithe ó bhonn ó shin i leith dá bharr sin. Thuairiscigh na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil roinnt feabhsuithe déanta ar a gcóras bainistithe cásanna agus comhlíonta ó shin freisin. Rinneadh uirlis anailíse cásanna riaráiste na gCoimisinéirí Ioncaim (ACAT) a athfhorbairt in 2016 d'fhonn acmhainn anailíse na foirne bainistithe fiachas a mhéadú.²

Fiachais chánach dhíscríofa


- 21.18** Is féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim cinneadh a dhéanamh gan dul sa tóir ar fhiachas i bhfianaise na cúinsí ar leith a bhaineann leis an gcás ar leith agus ag féachaint dá dtreoirínte féin maidir le fiachais chánach a dhíscríobh. Is éard a tharlaíonn nuair a dhíscríobhtar fiachas ná scor de gach gníomhaíocht le dul sa tóir ar an bhfiachas. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh sé sin le dliteanas cánach ar leith, nó le gach dliteanas cánach i gcás áirithe.
- 21.19** Nuair a dhéantar cinneadh gan dul sa tóir ar fhiachas, athraíonn an fiachas sin ina fhiachas díomhaoin go bunúsach. Nuair a dhíscríobhtar fiachas, cuirtear ar chumas na gCoimisinéirí Ioncaim idirdhealú a dhéanamh idir an cháin atá ar taifead acu nach féidir a bhailiú agus díriú ar dhliteanais chánach amuigh is féidir a bhailiú go fóill. Níl i ndíscríobh fiachais ach cinneadh gan dul sa tóir ar an bhfiachas go ceann tréimhse ama. Féadtar an díscríobh a fhreaschur má mheasann na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil athrú tagtha ar dhálaí an cháiníocóra, áfach. Bíodh sin mar atá, i gcás fiachais a díscríobhadh de bharr nach raibh siad inghnóthaithe de réir an dlí, ní féidir iad a chur ar ais.
- 21.20** Cuirtear nósanna imeachta eile i bhfeidhm nuair is mó an méid cánach atá le díscríobh ná €50,000. Déantar seiceáil chomóntachta ar na cásanna sin lena fháil amach an bhfuil nó an raibh baint ag an gcáiníocóir le haon eintitis trádála eile a bhfuil nó a raibh deacrachtaí íocaíochta acu. Tá i gceist leis an bpróiseas athbhreithniú ar na heintitis bhainteacha (m.sh. trí stiúrthóirí comhchoiteanna) le tuiscint níos fearr a fháil ar a chúrsaí cánach.
- 21.21** Déantar gach díscríobh a fhaomhadh ar an leibhéal cuí bainistíochta de réir threoirínte na gCoimisinéirí Ioncaim agus is é Cathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim a chuireann a shéala leo gach mí. Gach bliain, déanann aonad iniúchóireachta inmheánaí na gCoimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar shampla de na cásanna a díscríobhadh lena chinntiú go raibh siad ag teacht le nósanna imeachta na gCoimisinéirí Ioncaim. Moladh sa tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí is déanaí gur chóir feabhas a chur ar an mbealach a gcoinnítear taifead ar na cúiseanna le cinntí díscríofa. Tugadh faoi deara sa tuarascáil freisin nach ndearnadh seiceálacha bainistíochta go tráthúil ná nach raibh siad dátaithe sa chuid ba mhó den sampla a ndearnadh athbhreithniú air agus moladh gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar a mhinice a dhéantar a leithéid de sheiceálacha.

¹ Úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim an Córas Idirghabhála Gníomhaí (AIM) le cásanna a roghnú bunaithe ar thuairisceáin nó ar fhiachais amuigh (nó meascadh den dá rud).

² Uirlis anailíse fíoraima is ea ACAT a úsáidtear le breathnú ar fhiachais atá réidh le bailiú agus le hiad a chur in ord tosaíochta trí thagairt do mhéid an fhiachais laistigh de 5 phríomhleibhéal.

21.22 Dhíscríobh na Coimisinéirí Ioncaim €211.2 milliún d'fhiachais chánach neamh-inbhailithe, a bhain le 526,000 cás, le linn 2016. Is ionann an figiúr sin agus 9.2% d'iomlán an fhiachais a bhí amuigh amhail an 31 Márta 2017. Tá achoimre déanta i bhFíor 21.6 ar na cúiseanna le fiachais chánach dhíscríofa in 2016.

Fíor 21.6 Cúiseanna le fiachais chánach dhíscríofa in 2016



Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

21.23 In 2016, bhain beagán ní ba mhó ná €106 milliún nó 50% d'iomlán na bhfiachas a díscríobhadh le cásanna dócmhainneachta (leachtú, glacadóireacht, féimheacht, scrúdaitheoireacht agus dócmhainneacht phearsanta). Bhain €46 milliún eile, nó 22% d'iomlán na bhfiachas a díscríobhadh, le cáinócóirí/gnóthais a scoir de thrádáil ach nach raibh aon sócmhainní ar fáil acu le cúiteamh a dhéanamh ar na fiachais.

Fiachais a díscríobhadh go huathoibríoch

21.24 Bhain breis is 99% de luach iomlán na bhfiachas a díscríobhadh in 2016 le fiachais a díscríobhadh cás ar chás.

21.25 Díscríobhadh 512,000 cás de luach €1.6 milliún go huathoibríoch in 2016 de bharr gur measadh gur chur amú airgid é dul sa tóir orthu. Is éard atá i gceist leis sin ná na fiachais ar mó costas a ngnóthaithe ná iomlán na bhfiachas féin. Ní dhéantar fiachais a mheasann na Coimisinéirí Ioncaim a bhfuil sé neamhthíosach dul sa tóir orthu a tarscaoileadh ná a mhúchadh go dlíthiúil, ach déanann na Coimisinéirí Ioncaim iad a 'pháirceáil' go ceann tréimhse éiginnte. I gcásanna áirithe is féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim cinneadh a dhéanamh dul sa tóir ar fhiachas in ainneoin nach mbeadh sé tíosach déanamh amhlaidh, mar shampla, más rud é gur eol go mbriseann an cáinócóir an dlí arís is arís eile. Sula ndéantar fiachais den sórt sin a dhíscríobh, breathnaíonn na Coimisinéirí Ioncaim ar aois an fhiachais, staid an cháinócóra ó thaobh sócmhainní de, an áit a bhfuil an cáinócóir, agus ar cibé acu atá nó nach bhfuil cuideachta fós ag trádáil. Tá leagtha amach i bhFíor 21.7 líon na bhfiachas a díscríobhadh go huathoibríoch faoi gach ceannteideal cánach in 2016.

Fíor 21.7 Fiachais dhíscríofa de réir ceannteideal cánach, 2016

Cineál na Cánach	Líon na gcásanna 000	Luach €000	Meánluach in aghaidh an cháis
Cánacha pá-choibhneasta	69	355	€5.18
Cáin Bhreisluacha	22	355	€16.16
Cáin Ioncaim	380	802	€2.11
Cáin Chorporáide	39	58	€1.46
Cáin Gnóthachan Caipitiúil	2	17	€8.12
Cáin Shiarchoinneálach ar Dhíbhinní	*	*	€1.24
Tobhach Comhshaoil	*	12	€114.84
Iomlán	512	1,599	€3.12

Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim

Nóta: Léirítear luach níos lú ná 200 le *.

Conclúidí agus moltaí

- 21.26** Tá próiseas fairsing bainistithe fiachas i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim lena chinntiú go ndéantar fiachais chánach a ghnóthú go héifeachtach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm le hús a ghearradh ar íocaíochtaí thar téarma. Nuair nach dtéann cáiníocóir i ngleic leis an dlíteanas amuigh, cibé acu trí ghníomhaíocht nó trí neamhghníomhaíocht, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le forfheidhmiú.
- 21.27** Tháinig méadú ar an ollfhiachas le himeacht na tréimhse 2 bhliain go dtí an 31 Márta 2017, rud nach raibh ag teacht leis an treocht anuas le 5 bliana roimhe sin. Laghdaigh an fiachas amuigh a bhain leis an dá chatagóir is mó d'fhiachas cánach, .i. an cháin ioncaim agus an CBL, le himeacht na tréimhse ón 31 Márta 2016 go dtí an 31 Márta 2017. Dúirt na Coimisinéirí Ioncaim gur baineadh an laghdú sin amach mar thoradh ar theagmháil ní ba phraise agus géarú ar chásanna ar íseal-luach.
- 21.28** Bhí breis is ceathrú den fhiachas rangaithe mar inbhailithe ach ní raibh sé faoi réir comhaontuithe íocaíochta ná imeachtaí forfheidhmithe. Bhí €271 milliún (41%) den fhiachas sin ní ba mhó ná bliain d'aois.

Moladh 21.1

Ba chóir do na Coimisinéirí Ioncaim, uair sa bhliain ar a laghad, athbhreithniú a dhéanamh ar na fiachais atá rangaithe mar inbhailithe agus atá níos mó ná bliain d'aois ach nach bhfuil aon chomhaontú déanta le cáiníocóir i leith a n-íoctha. Sa chás nach bhfuil tús curtha le gníomh forfheidhmithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, ba chóir dóibh machnamh a dhéanamh ar na bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh leis an bhfiachas a bhailiú.

Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta

Aontaithe. Is maith is eol do na Coimisinéirí Ioncaim gurb í an luath-idirghabháil an bealach is fearr le hóc fiachas amuigh a chinntiú agus dá shine an fiachas is ea is deacra a bheidh sé é a bhailiú. Is é sin an fáth a bhfuil próisis bailithe fiachas na gCoimisinéirí Ioncaim dírithe ar theagmháil a dhéanamh le cáiníocóirí mainneachtana sa mhí a thagann an fiachas chun bheith dlite nó sa mhí díreach ina dhiaidh sin.

Tagann aonaid bainistithe fiachas na gCoimisinéirí Ioncaim le chéile uair sa mhí (agus gach dhá mhí leis an bPríomhoifigeach) le plé a dhéanamh ar dhul chun cinn leis na cásanna is deacra agus le machnamh a dhéanamh ar bhearta eile le déanamh ag féachaint do na bearta a rinneadh cheana agus do dhálaí an cháiníocóra/an ghnóthais atá i gceist.

- 21.29** Díscríobhadh €1.8 billiún d'fhiachas cánach ó 2010 i leith, .i. €254 milliún ar an meán sa bhliain. Ba é €211.2 milliún luach na bhfiachas a díscríobhadh mar inbhailithe in 2016. Díscríobhadh €209 milliún den tsuim sin cás ar chás. Is iad na cúiseanna is minic a thugtar le fiachais dhíscríofa ná leachtú agus scor gnóthas de thrádáil.
- 21.30** Moladh i dtuarascáil iniúchóireachta inmheánaí le déanaí gur chóir feabhas a chur ar an mbealach a gcoinnítear taifead ar na cúiseanna le cinntí díscríofa. Tugadh faoi deara sa tuarascáil freisin nach ndearnadh seiceálacha bainistíochta ar fhiachais dhíscríofa go tráthúil agus moladh gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar a mhinice a dhéantar a leithéid de sheiceálacha.
- 21.31** Roinnt moltaí a rinne an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste in 2015 maidir le hachomhairc a thaifeadadh sna córais taifead agus táscairí feidhmíochta níos cuimsithí a fhorbairt ó thaobh bainistiú fiachas de, tá siad fós le cur i bhfeidhm ag na Coimisinéirí Ioncaim. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl go bhfuil an moladh maidir le hachomhairc a thaifeadadh ina gcórais taifead á chur i bhfeidhm faoi láthair agus go bhfuil sé beartaithe acu go mbeidh córas nua bainistithe cásanna, a chuimseoidh gníomhaíochtaí achomhairc, ag feidhmiú faoi dheireadh 2017. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl freisin go bhfuil táscairí feidhmíochta níos cuimsithí á bhforbairt i láthair na huaire agus go bhfuil sé beartaithe acu tús a chur le húsáid na dtáscairí sin faoi dheireadh 2019, rud a chuirfidh go mór leis na táscairí a úsáidtear cheana.

